

1 Tosach soiscéil Íosa Críost, Mic Dé. **2** Mar atá scríobhtha ag Ésaías fáidh, Féach, cuirim rómhat mo theachtaire Ullmhóchas do shlighe rómhat. **3** Guth an té ghlaodhas ins an bhfásach, Réidhtighidh slighe an Tighearna, Déanaidh a chosáin díreach; **4** Do bhí Eoin ag baisteadh ins an bhfásach agus ag seanmórú baiste na h-aithrighe chum maitheamhnais na bpeacadh.